

**Leasú 151****Anja Hazekamp**

thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil****A9-0014/2024****Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha (COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin****Aithris 40***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún**Leasú*

(40) I bhfianaise úrnuacht TGNanna, beidh sé tábhachtach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt phlandaí agus táirgí TGN agus ar a láithreachtaí ar an margadh agus meastóireacht a dhéanamh ar aon tionchar a bheidh ag gabháil leo ar shláinte an duine agus ainmhithe, ar an gcomhshaol agus ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta. Ba cheart faisnéis a bhailiú go tráthrialta agus laistigh de 5 bliana tar éis ghlacadh an chéad chinneadh lena gceadófar scaoileadh réamhbheartaithe nó margú na bplandaí TGN nó na dtáirgí TGN san Aontas, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo chun an dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo infhaighteacht na bplandaí TGN ina bhfuil na saintréithe nó *na hairíonna* sin ar mhargadh an Aontais a thomhas.

(40) I bhfianaise úrnuacht TGNanna, beidh sé tábhachtach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt phlandaí agus táirgí TGN agus ar a láithreachtaí ar an margadh agus meastóireacht a dhéanamh ar aon tionchar a bheidh ag gabháil leo ar shláinte an duine agus ainmhithe, ar an gcomhshaol agus ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta. Ba cheart faisnéis a bhailiú go tráthrialta agus laistigh de 3 bliana tar éis ghlacadh an chéad chinneadh lena gceadófar scaoileadh réamhbheartaithe nó margú na bplandaí TGN nó na dtáirgí TGN san Aontas, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo chun ***measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar an mbithéagsúlacht, ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte, an tionchar ar an slabhra luacha orgánach, ar mhuinín agus ar shaoirse rogha na saoránach agus chun an dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo infhaighteacht na bplandaí TGN ina bhfuil na saintréithe nó airíonna fabhracha iarbhír*** sin ar mhargadh an Aontais a thomhas.

Or. nl

31.1.2024

A9-0014/152

**Leasú 152**

**Anja Hazekamp**

thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha (COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 43 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(43a) Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar taighde córasach agus neamhspleách ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le TGNanna a scaoileadh d'aon ghnó nó a chur ar an margadh. Ba cheart do na Ballstáit agus don Aontas na hacmhainní is gá don taighde sin a chur i leataobh i gcomhréir lena nósanna imeachta buiséadacha, agus ba cheart rochtain a thabhairt do thaighdeoirí neamhspleácha ar gach ábhar ábhartha. I gcomhréir lena nósanna imeachta buiséadacha, ba cheart do na Ballstáit agus don Aontas na hacmhainní is gá a áirithiú don taighde sin, agus ba cheart rochtain a thabhairt do thaighdeoirí neamhspleácha ar gach ábhar ábhartha.***

Or. nl

31.1.2024

A9-0014/153

**Leasú 153**

**Anja Hazekamp**

thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha (COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 20a*

*Forálacha sonracha maidir le plandaí  
TGN, bia, beatha agus táirgí TGN a  
dhiúltú*

*Gan dochar do na critéir i Rialachán  
(CE) Uimh. 1829/2003 agus i dTreoir  
2001/18/CE, diúltófar plandaí TGN a  
scaoileadh d'aon ghnó agus bia, beatha  
agus táirgí TGN a chur ar an margadh  
má mheasann Ballstát gur dócha go  
gcuirfeadh sé sláinte, an comhshaol nó  
inbhuanaitheacht an bhiashlabhra i  
mbaol.*

Or. nl

31.1.2024

A9-0014/154

**Leasú 154**

**Anja Hazekamp**

thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha (COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 21*

*scriosta*

*Fad bhailíocht an údaraithe tar éis athnuachana*

*De mhaolú ar Airteagal 11(1) agus Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, tar éis na chéad athnuachana, beidh an t-údarú bailí ar feadh tréimhse neamhtheoranta, ach amháin má chinneann an Coimisiún an t-údarú a athnuachan go ceann tréimhse teoranta, ar fhorais a bhfuil údar leo bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe riosca a rinneadh de bhun an Rialacháin seo agus ar thaithí ar úsáid, lena n-áirítear torthaí faireacháin, má shonraítear amhlaidh san údarú.*

Or. nl

31.1.2024

A9-0014/155

**Leasú 155**

**Anja Hazekamp**

thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha (COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 3 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) soláthróidh foireann an Údaráis, arna iarraidh sin d'iarratasóir nó fógróir ionchasach, comhairle maidir le hipitéisí riosca sochreidte a shainaithin an t-iarratasóir nó an fógróir féideartha bunaithe ar airíonna planda, táirge nó planda nó táirge hipitéiseach, ar gá aghaidh a thabhairt orthu tríd an bhfaisnéis faoi Chuid 2 agus Cuid 3 d'Iarscríbhinn II a sholáthar. Ní chumhdófar leis an gcomhairle, áfach, dearadh na staidéar chun aghaidh a thabhairt ar na hipitéisí riosca;

(a) soláthróidh foireann an Údaráis, arna iarraidh sin d'iarratasóir nó fógróir ionchasach ***i gcás inar FMB é sin***, comhairle maidir le hipitéisí riosca sochreidte a shainaithin an t-iarratasóir nó an fógróir féideartha bunaithe ar airíonna planda, táirge nó planda nó táirge hipitéiseach, ar gá aghaidh a thabhairt orthu tríd an bhfaisnéis faoi Chuid 2 agus Cuid 3 d'Iarscríbhinn II a sholáthar. Ní chumhdófar leis an gcomhairle, áfach, dearadh na staidéar chun aghaidh a thabhairt ar na hipitéisí riosca;

Or. nl

31.1.2024

A9-0014/156

**Leasú 156**

**Anja Hazekamp**

thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha (COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 4 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) déanfaidh an tÚdarás ***achóimre ar an gcomhairle*** réamhthíolactha a phoibliú gan mhoill a luaithe a mheasfar iarratas nó fógra a bheith bailí. Beidh feidhm mutatis ***mutandisag*** Airteagail 38(1a);

(c) déanfaidh an tÚdarás ***an chomhairle*** réamhthíolactha a phoibliú gan mhoill a luaithe a mheasfar iarratas nó fógra a bheith bailí. Beidh feidhm mutatis ***mutandis ag*** Airteagail 38(1a);

Or. nl